Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2015**

# Irish

Assessment Unit A2 2

Section A

*assessing*

Listening

**[AI221]**

**FRIDAY 22 MAY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

 Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2015
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

D'fhógair léachtóirí ollscoile sa Bhreatain Bheag tionscadal úr an tseachtain seo. Tá siad ag dul a uaslódáil a gcuid léachtaí agus a gcuid taighde ar an idirlíon. Ciallaíonn sé seo go mbeidh teacht ar an ábhar seo i dtíortha ar fud an domhain. Beidh sé ina chuidiú mhór, go háirithe sna tíortha is boichte ar domhan mar a mbeidh mic léinn agus léachtóirí ábalta teacht ar an ábhar saor in aisce.

Chomh maith le nótaí ó na léachtaí, beidh físeán agus podchraoladh ag dul le cuid acu. Cuirfidh an scéim seo an Bhreatain Bheag chun tosaigh i réabhlóid na teicneolaíochta agus i gcúrsaí digiteacha, dar le hAire Oideachais na tíre. Cruthóidh sé pobal leathan foghlama. Mhol sé do léachtóirí in ollscoileanna eile ar fud an domhain sampla na Breataine Bige a leanúint.

Is cosúil nach raibh gach léachtóir sásta leis an tionscadal úr, áfach. Shíl cuid de na léachtóirí nach mbeadh gá ar bith le hollscoil amach anseo dá mbeadh na léachtaí, na nótaí agus na físeáin ar fáil ar an idirlíon. Shíl siad fosta go dtiocfadh titim shuntasach i líon na mac léinn mar gheall air seo. 'Cad chuige a n-íocfá táillí ollscoile dá mbeadh gach rud ar fáil agat saor in aisce ar líne?', arsa ollamh amháin.

Dúirt Seansailéir Ollscoil na Breataine Bige Theas, áfach, nach ndéanfadh sé lá difir do líon na mac léinn a d'fhreastalódh ar ollscoil. Dúirt seisean gurbh é an caidreamh pearsanta sna léachtaí idir léachtóirí agus mic léinn agus an caidreamh idir na mic léinn féin a chruthaíonn an taithí is tábhachtaí.

Chuideodh an scéim leo siúd nach mbeadh ábalta freastal ar ollscoil. Ní dhéanfadh sé difear do líon na mac léinn, dar leis.

Chuir Charlotte Jones, atá ina huachtarán ar Aontas na Mac Léinn, fáilte mhór roimh an scéim. Dúirt sí gur rud iontach é go raibh an Bhreatain Bheag ceannródaíoch sna cúrsaí seo. Dúirt sí fosta go gcuideodh sé le mic léinn a chaillfeadh léachtaí de bharr tinnis.

Beidh na cúrsaí uilig ar fáil sa bhliain acadúil úr agus beidh mic léinn ábalta teacht ar an ábhar ar a nguthán póca agus ar an ríomhaire, ar ndóigh.

*Source: © BBC news http://www.bbc.co.uk/news*

Question 2

D’fhógair an tAire Comhshaoil ag tús na seachtaine nach rachadh an cháin a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha in airde. Faoi láthair gearrtar cúig pingine an ceann orthu. Bhí sé beartaithe aige deich bpingine a ghearradh ar gach mála plaisteach ó mhí Aibreáin ar aghaidh.□ Is cosúil gur tháinig athrú intinne air nuair a fuair sé amach gur tháinig laghdú suntasach ar líon na málaí plaisteacha a úsáideann custaiméirí siopa ó gearradh cúig pingine an ceann orthu.

De réir na bhfigiúirí a fuarthas ó thaighde a rinne na hollmhargaí móra, tháinig laghdú ochtó faoin chéad ar líon na málaí a úsáideann na custaiméirí siopa ó gearradh cúig pingine an ceann orthu.□ Is léir go raibh lúcháir mhór ar an Aire leis na figiúirí seo agus shocraigh sé gur leor cúig pingine a ghearradh orthu ag an phointe seo.□ Dúirt sé gur ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta amháin a gearradh cúig pingine ar na málaí agus ní ar mhaithe le hairgead a bhailiú don Rialtas.□

Dúirt sé, áfach, go gcoinneodh sé súil ghéar ar na figiúirí sna míonna amach romhainn agus go ngearrfadh sé deich bpingine an ceann ar na málaí dá mbainfeadh na custaiméirí úsáid as barraíocht málaí plaisteacha.□

Beidh cead fosta ag siopadóirí ‘málaí in-athnuaite’ a dhíol lena gcuid custaiméirí. Is málaí fad saoil iad seo a chosnaíonn caoga pingin an ceann ach a mhaireann suas le bliain. Is é atá i gceist leis na málaí seo go gceannaíonn an custaiméir ceann acu agus, nuair a bhíonn an mála céanna caite, go bhfaigheann sé ceann nua saor in aisce.□

Bhí díomá an domhain ar bhrúghrúpaí atá ar son chaomhnú na timpeallachta leis an chinneadh gan an cháin a ardú go deich bpingine an mála plaisteach.□ Dúirt urlabhraí ar son an Pháirtí Ghlais gur chóir don Rialtas an t-airgead a bhaileofaí ón ardú ar phraghas na málaí plaisteacha a úsáid le tionscnamh fuinneamh gréine a mhaoiniú.□

*Source: © BBC news http://www.bbc.co.uk/news*

This is the end of the recording.